

## Athbhreithniú scoilbhunaithe: **ceisteanna thimthriall a dó**

### Ceisteanna do Sheisiún Ghrúpa Fócais na dTuismitheoirí

I dtimthriall a haon, dhírigh na ceisteanna ar chuspóirí leathana na céime seo den oideachas. D'iarramar faoi thairbhí agus dúshláin na sraithe sinsearaí do bhur bpáistí. Teastaíonn uainn anois gnéithe na gclár atá ar fáil in bhur scoil féin a chíoradh, gnéithe a bhféadfaimis foghlaim uathu san athbhreithniú seo ar an tsraith shinsearach. Teastaíonn uainn breathnú níos faide i gcéin, struchtúir eile don tsraith shinsearach a fhiosrú, agus comparáid a dhéanamh idir ár dtaithí féin agus an méid a tharlaíonn i ndlínsí eile.

#### **1. Baineann an cheist seo le bhur dtuairimí faoi na cláir atá ar fáil faoi láthair sa tsraith shinsearach**

**Nótaí an Éascaitheora:** Sa chóras atá againn faoi láthair, tugann thart ar 65% de na scoláirí a thosaíonn sa tsraith shinsearach faoin Idirbhliain, leanann 95% de na scoláirí clár na hArdteistiméireachta Bunaithe (ATB) nó Gairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT), agus leanann 5% clár na hArdteistiméireachta Feidhmí (ATF).

Léiríodh i dtaighde go dtéann gnéithe den Idirbhliain go mór chun tairbhe do na scoláirí; ina measc siúd tá an taithí oibre, foghlaim mhodúlach, foghlaim chomhoibríoch, an foghlaimeoir a bheith i gceannas ar an gcuraclam agus féinhorbairt. Tá curaclam leathan san Ardteistiméireacht Bhunaithe le réimse leathan ábhar, a éascaíonn an chaoi a ndéanann an scoláire dul chun cinn. Tugann an Ardteistiméireacht Fheidhmeach deis don scoláire dul ar aghaidh chuig an mbreisoideachas agus fostaíocht. Tugann Gairmchlár na hArdteistiméireachta léargas don scoláire ar shaol na fiontraíochta agus na hoibre.

Léiríodh i dtaighde cuid de na dúshláin a bhaineann leis na cláir sin, ina measc easpa rannpháirtíochta agus ardbhrú i measc scoláirí (ATB), fáil theoranta ar bhealaí le dul chun cinn (ATF), aitheantas doiléir mar chlár ar leith (GCAT), agus easpa struchtúir (an Idirbhliain). Mar thuismitheoirí, an aithníonn sibhse aon dúshláin eile?

## Athbhreithniú scoilbhunaithe: **ceisteanna thimthriall a dó**

### Ceisteanna do Sheisiún Ghrúpa Fócais na dTuismitheoirí

- a. ***Céard iad na trí ghné is dearfaí, más ann dóibh, faoin gclár atá ar bun ag bhur bpáistí? Tugaigí samplaí sonracha.***
- b. ***Céard iad na trí ghné is diúltaí, más ann dóibh, faoin gclár atá ar bun ag bhur bpáistí? Tugaigí samplaí sonracha.***
- c. ***Mura dtairgtear clár faoi leith in bhur scoilse, an gceapann sibh go bhfuil gnéithe den chlár sin a rachadh chun tairbhe bhur bpáistí?***

## **2. Baineann an cheist seo le bhur dtuairimí faoin gcaoi ar cheart nó a bhféadfaí an tSraith Shinsearach a struchtúró**

**Nótaí an Éascaitheora:** Nuair atá struchtúr na Sraithe Sinsearaí á chinneadh, tá cúpla cúinse tábhachtach le cuimhneamh orthu, ina measc:

- cá fad ba cheart a chur ar leataobh don tsraith shinsearach
- ar cheart do na scoláirí í a chríochnú ag luasanna difriúla nó sa tréimhse chéanna
- réimse na gcomhpháirteanna curaclaim óna roghnaíonn na scoláirí (ábhair, modúil, aonaid foghlama, taithí oibre, scileanna saoil)

Maireann an tSraith Shinsearach dhá bhliain ar a laghad do gach scoláire in Éirinn faoi láthair. Cuirtear ceann de chlár na hArdteistiméireachta i gcrích san am sin (ATB, ATF, GCAT). Cuireann thart ar dhá thrian de na scoláirí Idirbhliain roghnach i gcrích freisin, a fhágann go dtugann na scoláirí sin faoi Shraith Shinsearach trí bliana. Tarlaíonn mórán an rud céanna i ndlínsí eile, ina maireann clár na meánscolaíochta sinsearaí idir dhá bhliain agus ceithre bliana nó mar sin. Bíonn cead ag scoláirí an mheánscolaíocht shinsearach a mhéadú go ceithre bliana nó a laghdú go dhá bhliain ag brath ar a riachtanais féin i dtíortha áirithe (Ontario, an Ísiltír). Tugann córais mhodúlacha bunaithe ar chreidmheas (Ontario, an Nua-Shéalainn, Queensland, an tSualainn) deis do scoláirí modúil a bhfuil sainiúlacht agus déine dhifriúil ag baint leo a roghnú, a fhágann gur féidir an t-am a thógann sé na modúil a chur i gcrích a laghdú nó a mhéadú.

Nuair atá an cheist seo á freagairt, cuimhní ar: an fad is fearr don tsraith shinsearach, ar cheart do na scoláirí ar fad í a chríochnú ag an am céanna nó

## Athbhreithniú scoilbhunaithe: ceisteanna thimthriall a dó

### Ceisteanna do Sheisiún Ghrúpa Fócais na dTuismitheoirí

ar cheart go mbeadh solúbthacht ag baint le fad na sraithe sinsearaí, cé chomh solúbtha a d'fhéadfadh sí a bheith, agus cén struchtúr a d'fhéadfaí a chur air sin.

- a. ***Cá fad ba cheart a chur ar leataobh don tSraith Shinsearach, agus más ceart solúbthacht a thabhairt do na scoláirí chun an tsraith shinsearach a chur i gcrích ag luas difriúil, cén tsolúbthacht a theastaíonn?***
- b. ***Ar cheart rogha níos mó a thairiscint do scoláirí faoi na comhphárteanna curaclaim chun clár a sraithe sinsearaí a thógáil?***
- c. ***An bhfuil ábhair/réimsí/taithí foghlama ann ba cheart do gach scoláire sa tsraith shinsearach tabhairt faoi? Mínigh bhur dtuairimí.***

### 3. **Baineann an cheist seo le bhur dtuairimí faoi na conairí atá ar fáil do scoláirí sa tSraith Shinsearach**

**Nótaí an Éascaitheora:** Nuair atá conairí na Sraithe Sinsearaí á bplé, tá cúpla cúinse tábhachtach le cuimhneamh orthu, ina measc:

- réimse na gconairí atá ar fáil (acadúil, teicniúil, gairme, gairmiúil)
- an féidir na conairí sin a chur le chéile nó an conairí ar leith iad
- an féidir suíomhanna difriúla foghlama a úsáid nó nach féidir

Nuair atá na conairí atá ar fáil don tsraith shinsearach á mbreithniú, is fiú cuimhneamh ar an réimse roghanna atá ar fáil do scoláirí nuair a chríochnaíonn siad an tsraith shinsearach, ina measc breisoideachas, ardoideachas, cúrsa oiliúna, printíseacht, fostaíocht, nó meascán díobh siúd.

In go leor dlínsí, tá conairí sonracha ar fáil do scoláirí sa tsraith shinsearach ar nós conairí acadúla, teicniúla, gairme agus gairmiúla, chomh maith le cúrsaí oiliúna agus printíseachtaí. I dtíortha áirithe, is féidir le scoláirí tabhairt faoi mhodúil i réimsí difriúla, agus conairí teicniúla, gairme agus acadúla a chur in éindí chun a rogha cláir a chur i gcrích. Is féidir suíomhanna difriúla foghlama a úsáid i dteannta na bun-institiúide oideachais mar gheall ar an tsolúbthacht sin.

## Athbhreithniú scoilbhunaithe: ceisteanna thimthriall a dó

### Ceisteanna do Sheisiún Ghrúpa Fócais na dTuismitheoirí

Go dtí seo ba chonair acadúil an tSraith Shinsearach in Éirinn den chuid is mó, agus ba bheag roghanna gairme, teicniúla nó gairmiúla a bhíodh ar fáil. Toisc go gcaithfear tabhairt faoin Ardteistiméireacht Fheidhmeach aisti féin agus nach féidir cur isteach ar an CAO léi, is beag conaire dul chun cinn atá ann do scoláirí an ATF agus braitear go bhfuil stádas níos ísle ag baint léi. Tá impleachtaí don tsraith shinsearach ag forbairt Chláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 do scoláirí na sraithe sóisearaí agus ag na hathruithe ar bheartais cuimsithe scoile.

- a. ***An gceapann sibh go bhfuil bhur bpáistí ag tabhairt faoin gconair sraithe sinsearaí is fearr dá riachtanais? Mínigí bhur bhfreagra.***
  - b. ***An gceapann sibh go bhfuil na heispéiris foghlama atá ar fáil do bhur leanaí ag freastal mar is cuí ar a riachtanais? Cé na moltaí a dhéanfaid sibh ina leith?***
4. **Baineann an cheist seo le bhur dtuairimí faoi mheasúnú sa tSraith Shinsearach**

**Nótaí an Éascaitheora:** As an 37 ábhar atá ar fáil san Ardteistiméireacht Bhunaithe, tá comhpháirt bhreise mheasúnaithe (tionscadal, scrúdú praiticiúil nó béaltriail) ag baint le 18 gcinn a chuirtear i gcrích roimh an scrúdú deiridh. In GCAT, cuireann an scoláire punann ar fiú 60% den ghrád deiridh í i gcrích. San Ardteistiméireacht Fheidhmeach, carnann an scoláire creidmheasanna thar imeacht dhá bhliain an chláir trí mhodúil, príomhthascanna, tascanna agus agallaimh a chur i gcrích, i dteannta na scrúduithe deiridh.

I bhformhór na ndlínsí ar a ndearnadh taighde (seachas an Fhrainc), tá comhpháirt mheasúnaithe inmheánaí ag baint le tuairisciú deiridh na gnóthachtála. I gcórais atá bunaithe ar chreidmheasanna (an Nua-Shéalainn, Ontario, Queensland, an tSualainn agus Éire [ATF amháin]), carntar creidmheasanna thar imeacht an chláir. Bronnann an tSualainn creidmheasanna as gníomhaíochtaí pobail, agus bronntar creidmheasanna san Fhionlainn agus sa Nua-Shéalainn as taithí oibre struchtúrtha nó tascanna oibre i socrúchán oibre. I bhformhór na ndlínsí, déantar measúnú éigeantach ar litearthacht agus/nó uimhearthacht.

## Athbhreithniú scoilbhunaithe: ceisteanna thimthriall a dó

### Ceisteanna do Sheisiún Ghrúpa Fócais na dTuismitheoirí


Cuimhnígí ar an gcaoi a bhféadfaí an curaclam agus taithí leathana foghlama na scoláirí sa tsraith shinsearach a mheasúnú.

- a. ***Céard iad na gnéithe dearfacha, más ann dóibh, faoi na cuir chuige reatha i leith measúnú sa tsraith shinsearach? Cuimhnígí ar na gnéithe measúnaithe is dearfaí do gach clár a bhfuil taithí agaibh orthu (an Idirbhliain, ATB, GCAT nó ATF).***
- b. ***Céard iad na gnéithe diúltacha, más ann dóibh, faoi na cuir chuige reatha i leith measúnú sa tsraith shinsearach? Cuimhnígí ar na gnéithe measúnaithe is dearfaí do gach clár a bhfuil taithí agaibh orthu (an Idirbhliain, ATB, GCAT nó ATF).***
- c. ***Cuimhnigh ar an bhfreagra ar Cheist 3; ar mhaith libh aon athruithe a fheiceáil ar mheasúnú sa tsraith shinsearach? Dá mba mhaith, tugaigí breac-chuntas ar na cineálacha athruithe ba mhaith libh a fheiceáil, na cúiseanna leis na hathruithe sin agus na dúshlán a d'fhéadfadh eascairt as na hathruithe sin.***

## 5. Baineann an cheist seo le bhur dtuairimí faoi thuairisciú

**Nótaí an Éascaitheora:** Faoi láthair, faigheann scoláirí na Sraithe Sóisearaí próifíl ghnóthachtála ina dtuairiscítear ar ghnóthachtáil an scoláire i réimsí éagsúla agus faigheann scoláirí na hIdirbhliana taifead gnóthachtála. Faigheann scoláirí na hArdteistiméireachta Feidhmí cur síos ilchodach ar na creidmheasanna a bhain siad amach thar imeacht an dá bhliain, ar cheithre leibhéal (gradam, tuillteanas, pas, teip). Faigheann scoláirí na hArdteistiméireachta Bunaithe ráiteas grád ina scrúduithe deiridh.

I ndlínsí eile, faigheann scoláirí cineálacha difriúla cáipéisí chun taifead a dhéanamh ar a ghnóthachtáil, ar nós teastas fágála scoile (an tSualainn), díoplóma meánscoile (Ontario), chomh maith le teastais mháithreánaigh nó teastais iontrála sa tríú leibhéal (Queensland, an Nua-Shéalainn). Is féidir le scoláirí in Queensland a bhfuil deacrachtaí foghlama acu an “Queensland



## Athbhreithniú scoilbhunaithe: **ceisteanna thimthriall a dó**

### Ceisteanna do Sheisiún Ghrúpa Fócais na dTuismitheoirí

Certificate of Individual Achievement” a fháil, ina dtugtar achoimre ar a gcuid scileanna agus eolais d’fhostóirí nó do sholáthróirí oiliúna.

**a. Céard atá tábhachtach dar libh le cur i dtuairisc bhur bpáistí ag deireadh na sraithe sinsearaí?**

**6. An ndearnamar dearmad ar aon cheo?**

Úsáidigí an spás seo chun breac-chuntas a thabhairt ar bhur ndearcthaí ar aon cheo nach raibh deis agaibh a lua linn mar gheall ar an athbhreithniú ar an tsraith shinsearach.

### **Gluais**

**ATB:** Is clár dhá bhliain í *an Ardteistiméireacht Bhunaithe*, ina mbíonn réimse ábhar ar leith. Déantar staidéar ar na hábhair ar an nGnáthleibhéal nó ar an Ardleibhéal go hiondúil.

**GCAT:** Is Ardteistiméireacht é *Gairmchlár na hArdteistiméireachta* lena mbaineann gné láidir ghairme. Áirítear sa chlár ábhair ón Ardteistiméireacht, i dteannta trí nascmhodúl éigeantacha ar oideachas fiontraíochta, ullmhú do shaol na hoibre agus taithí oibre. Caithfidh an scoláire tabhairt faoi chúig ábhar Ardteistiméireachta ar a laghad, an Ghaeilge agus nuatheanga Eorpach nó modúl teanga gairme ina measc.

**ATF:** Is clár Ardteistiméireachta dhá bhliain ar leith í *an Ardteistiméireacht Fheidhmeach* a dhéantar aisti féin agus a bhfuil d’aidhm léi an scoláire a ullmhú do shaol an duine fhásta agus do shaol na hoibre. Bíonn ceithre bhloc leathbhliana, ar a dtugtar seisiúin, sa chlár dhá bhliain. Tugtar creidmheas as gnóthachtáil i ngach seisiún.

**An Idirbhliain:** Is clár bliana í an Idirbhliain a dhéantar i ndiaidh na Sraithe Sóisearaí agus roimh dhá bhliain na hArdteistiméireachta.